**PREAS-RÁITEAS (ón *Irish Farmers Journal* agus ó *ESB Networks*)**

# AN *IRISH FARMERS JOURNAL* AGUS *ESB NETWORKS* TAGTHA LE CHÉILE CHUN FEIRMEACHA NA hÉIREANN A DHÉANAMH NÍOS SÁBHÁILTE

### Seoladh an Chláir nua, 'Feirmeacha Sábháilte Teaghlaigh', mar eiseamláir den dea-chleachtas

**Baile Átha Cliath, an 11 Samhain 2015.**
Rinne an Irish Farmers Journal agus ESB Networks comhpháirtíocht nua a chur i láthair go poiblí inniu chun feirmeacha na hÉireann agus ceantair thuaithe na hÉireann a dhéanamh níos sábháilte sna blianta atá romhainn. Tugadh isteach an clár nua, 'Feirmeacha Sábháilte Teaghlaigh', os comhair phríomh-gheallsealbhóirí an tionscail agus daoine de chuid na meán cumarsáide. An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, an tUas, Simon Coveney, T.D., a sheol an chomhpháirtíocht go hoifigiúil.

Tá sé mar aidhm ag an gcomhpháirtíocht seo idir an *Irish Farmers Journal* agus *ESB Networks* teachtaireacht na sábháilteachta a scaipeadh chun tuilleadh díobhálacha agus tionóiscí tubaisteacha ar fheirmeacha na hÉireann a chosc. I mbliana, maraíodh 15 dhuine ar fheirmeacha na hÉireann agus, sa bhliain 2014, bhí 30 tionóisc mharfach ann. Is ionann sin agus 54% de na tionóiscí ar fad sa láthair oibre in Éirinn.

Fulaingíonn teaghlaigh feirme tráma mór mothúchánach de bharr básanna agus tionóiscí, go háirithe nuair a fhaigheann leanaí bás. Idir na blianta 2005 agus 2014, maraíodh 22 leanbh ar fheirmeacha na hÉireann. Ceann de na príomhchuspóirí a ghabhann le 'Feirmeacha Sábháilte Teaghlaigh' is ea leanaí a oiliúint faoi na contúirtí a d'fhéadfadh a bheith ann ar fheirmeacha.

Tá sé mar aidhm ag 'Feirmeacha Sábháilte Teaghlaigh' díriú ar gach duine den teaghlach, idir na leanaí atá ag fás aníos i gceantair thuaithe na hÉireann agus na feirmeoirí agus na seantuismitheoirí atá bainteach leis an bhfeirm i gcónaí. Tá sé mar aidhm ag an gclár plé a spreagadh sa teaghlach le linn an dinnéir agus an fheirm theaghlaigh a dhéanamh níos sábháilte.

Sa bhliain atá romhainn, tá gealltanas tugtha ag an *Irish Farmers Journal* leathanach iomlán de leideanna agus de chomhairle faoi shábháilteacht ar fheirmeacha a chur ar fáil gach seachtain i gcomhar le *ESB Networks*, is é sin le rá, leideanna agus comhairle a bhaineann le hábhair shéasúracha agus le gníomhaíochtaí feirmeoireachta. Beidh teacht ag na teaghlaigh i gcoitinne ar chlár 'Feirmeacha Sábháilte Teaghlaigh' trí scéalta daonna a bheidh ann in Irish Country Living agus soláthróidh an clár tacaíocht i ndáil le gníomhaíochtaí sábháilteachta ar fheirmeacha trí rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí ar líne agus sóisialta.

Beidh físeáin ráithiúla ann mar bhuntaca don teachtaireacht faoi shábháilteacht ar fheirmeacha agus cuirfear an t-ábhar sin ar fáil trí shainchainéal 'Feirmeacha Sábháilte Teaghlaigh' ar Farmersjournal.tv. Beidh daoine den lucht féachana in ann tuiscint a fháil ar an dea-chleachtas, foghlaim faoi agus físeáin a bhaineann le comhairle faoi dhea-

chleachtas a pháirtiú lena chéile agus beidh sad in ann éisteacht le scéalta ó dhaoine ar athraíodh a saol go deo de bharr tionóisce ar fheirm.

Baineann teachtaireacht 'Feirmeacha Sábháilte Teaghlaigh' leis an teaghlach ar fad ón bhfeirmeoir féin go dtí na leanaí ina suí thart ar an mbord sa bhaile. Creideann an Irish Farmers Journal agus ESB Networks gur féidir teachtaireacht 'Feirmeacha Sábháilte Teaghlaigh' a chur ar fáil ón mbun aníos. Mar thoradh air sin, beidh na glúnta a bheidh ann amach anseo in ann feidhmiú mar cheannairí agus mar lucht tionchair ó thaobh sábháilteachta ar an bhfeirm de.

Beidh sé mar aidhm ag an gcomhpháirtíocht an dea-chleachtas san fheirmeoireacht a chur chun cinn i measc an phobail i gcoitinne agus i measc pobal feirmeoireachta trí theachtaireacht 'Feirmeacha Sábháilte Teaghlaigh' a chur i láthair le linn seónna ardphróifíle gnóthacha amhail Tulach Mhór 2016 agus An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2016.

Tá feirmeoirí na hÉireann ag tógáil agus ag forbairt a gcuid feirmeacha agus a gcuid tithe cónaithe dóibh féin agus do na glúnta a bheidh ann amach anseo. Is mór an crá croí é gur féidir le botún beag amháin athrú a dhéanamh ar shaol na feirme go ceann tamall fada. Is ionann gach glúin ar leith agus feighlí an teaghlaigh agus na talún agus cinntíonn sé sin sábháilteacht na ndaoine lena mbaineann agus tá an tsábháilteacht sin ina gné riachtanach d'inbhuanaitheacht na feirme.

Agus é ag caint faoin gcomhpháirtíocht nua seo, dúirt Justin McCarthy, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Eagarthóir an *Irish Farmers Journal*, an méid seo a leanas: "Tá an fheirmeoireacht ina gné lárnach de rath na hÉireann mar náisiún. Is áit thaitneamhach spraíúil í an fheirm chun fás aníos uirthi, chun bheith ag obair uirthi agus chun teaghlach a thógáil inti. Tá gá le smacht chin idirdhealú a dhéanamh idir róil an chlóis feirme mar ionad oibre agus mar ionad don teaghlach. Ar an drochuair, tá i bhfad an iomarca tionóiscí tragóideacha tar éis tarlú, agus maraíodh i bhfad an iomarca daoine, ar fheirmeacha na hÉireann le deich mbliana anuas. I gcomhar le *ESB Networks*, tá sé mar aidhm againn a bheith mar eiseamláir den dea-chleachtas ar fud an tionscail talmhaíochta agus a chur faoi deara go mbeidh Éire níos sábháilte do na glúnta a bheidh ann amach anseo".

Agus dúirt Marguerite Sayers, Stiúrthóir Margaíochta *ESB Networks*, an méid seo a leanas: "Tá caidreamh ann le fada an lá idir *ESB Networks* agus feirmeoirí na tíre tríd an ngréasán a fhorbairt chun leictreachas a sholáthar d'fheirmeacha agus do phobail tuaithe agus trí fhaisnéis faoi shábháilteacht leictreachais a chur ar fáil. Oibrímid go dian chun feabhas a chur ar chúrsaí sábháilteachta laistigh dár gcuideachta féin agus, ós eol dúinn go mbíonn tionóiscí an-tragóideach ag tarlú i gcónaí ar fheirmeacha, is mian linn tacaíocht a thabhairt i ndáil le haon tionscnamh a chuirfidh feabhas ar an bhfeasacht faoi shábháilteacht i measc feirmeoirí agus a dteaghlach. Tá súil againn gurb é a leanfaidh as an gcomhpháirtíocht leis an *Irish Farmers Journal* atá á fógairt inniu ná gur féidir linn ár gcuid acmhainní a chur le chéile sa bhliain atá romhainn chun aird a tharraingt ar na contúirtí a bhaineann le feirmeoireacht agus ar an tslí ina bhféadfaí na contúirtí sin a bhainistiú agus a rialú, agus sinn ag dúil go mór go sábhálfar beatha daoine agus go laghdófar díobhálacha is cúis le hathrú bunúsach ar shaol daoine".

Bainfidh an chomhpháirtíocht leas as cló-ardán agus as ardán digiteach an *Irish Farmers Journal* trí dhian-tiomantas i leith aird a tharraingt ar shábháilteacht ar fheirmeacha agus, ag an am céanna, trí threoir a thabhairt d'fheirmeoirí maidir leis an dea-chleachtas agus maidir le bearta éifeachtúlachta.

Agus é ag cur fáilte roimh chomhpháirtíocht 'Feirmeacha Sábháilte Teaghlaigh', dúirt an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Simon Coveney, TD, an méid seo a leanas: "Tá sábháilteacht ar an bhfeirm i measc na saincheisteanna is tábhachtaí i réimse na

feirmeoireachta sa lá atá inniu ann. De réir na staitisticí, bíonn tionóiscí ar fheirmeacha ina gcúis le níos mó básanna ar an láthair oibre ná mar a bhíonn ann i ngach uile shlí bheatha eile le chéile. Cé go nglacann gach duine leis go mbíonn cuid mhór contúirtí ann i réimse na feirmeoireachta, ní gá gur slí bheatha chontúirteach atá ann. Ní mór díriú ar a chur faoi deara go n-athraíonn feirmeoirí a n-iompar i ndáil le cúrsaí sábháilteachta. Tá an comhthionscnamh seo de chuid an Irish Farmers Journal agus ESB Networks ina fhorbairt dhearfach i dtaca le hoibriú i dtreo athrú a dhéanamh ar iompar feirmeoirí in Éirinn a mhéid a bhaineann le sábháilteacht ar a gcuid feirmeacha féin."

Mar fhocal scoir, dúirt Justin McCarthy an méid seo a leanas: "Is ionann 'Feirmeacha Sábháilte Teaghlaigh' agus doras oscailte a bhfuil mar aidhm aige oibriú lenár gcuid comhpháirtithe agus geallsealbhóirí go léir sa tionscal. Tá sé de fhreagracht orainn teachtaireacht na sábháilteachta ar fheirmeacha a chur in iúl go seasta agus, i gcomhar lena chéile, tugann an Irish Farmers Journal agus ESB Networks cuireadh oscailte do na geallsealbhóirí go léir oibriú le chéile ar aon mhodh is féidir chun a chur faoi deara go mbíonn feirmeacha na hÉireann níos sábháilte, agus leas á bhaint as an Irish Farmers Journal mar ardán i gcomhair todhchaí níos sábháilte."

Cuirfear tús leis an tionscnamh in eagrán an 14 Samhain agus, uaidh sin amach, beidh leathanach eagarthóireachta iomlán nua ann san *Irish Farmers Journal* gach seachtain taobh leis an bhforlíonadh seachtainiúil, *Focus*, agus clúdóidh sé comhairle agus ábhar iomchuí maidir le sábháilteacht agus dea-chleachtas. Feidhmeoidh 'Feirmeacha Sábháilte Teaghlaigh' mar ionad chun sábháilteacht ar fheirmeacha ar fud na tíre a chur chun cinn.

I rith na bliana atá romhainn, beidh an *Irish Farmers Journal* agus *ESB Networks* ina n-eiseamláir den dea-chleachtas i dtaca le sábháilteacht ar fheirmeacha de agus tabharfar tacaíocht do na comh-gheallsealbhóirí sa tionscal i ndáil lena bhfeachtas i leith feirmeoireachta níos sábháilte.

**Críoch**